C/2025/296

9.1.2025

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2025/296)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

‘Cebreros’

PDO-ES-02348-AM02

Dáta na teachtaireachta: 10 Deireadh Fómhair 2024

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA LEIS

1. LEASÚ AR PHARAIMÉADAIR ANAILÍSEACHA ÁIRITHE

Tuairisc

— Laghdaítear an neart alcóil iarbhír íosta ó 12 % go 11,5 % i bhfíonta geala agus rosé; agus ó 13 % go 12,5 % i bhfíonta dearga.

— Aigéadacht iomlán íosta (arna sloinneadh mar aigéad tartarach) laghdaithe ó 4 ghram go 3,5 gram in aghaidh an lítir i bhfíonta geala; ó 4,5 gram go 4 ghram in aghaidh an lítir i bhfíonta dearga agus rosé; agus ó 4 ghram go 3,5 gram in aghaidh an lítir i bhfíonta dearga agus rosé atá aosaithe.

Déanann an leasú sin difear do phointe 2.a den tsonraíocht táirge agus do phointe 4 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach ionann é agus aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

Cúis

Is gnách go dtáirgeann na seanfhíniúnacha saintréithiúla de chuid ár limistéir triopaill fíonchaor a bhfuil tiúchan níos mó siúcraí iontu, rud a tháirgeann neart alcóil níos airde ina dhiaidh sin. Os a choinne sin, tá na fíniúnacha óga inár bhfíonghoirt á bplandú ag airde níos mó agus gnéithe níos fuaire ann. Táirgfidh siad fíonchaora ag a bhfuil méid siúcra níos ísle agus, dá bhrí sin, fíonta ag a bhfuil neart alcóil níos ísle.

Is é an t-athrú ar dhálaí timpeallachta mar thoradh ar na meánteochtaí méadaithe le blianta beaga anuas is mó is cúis leis an laghdú ar an aigéadacht iomlán íosta. Toisc bhreise is ea an easpa báistí rud ba chúis le laghdú ginearálta ar aigéadacht i ngach cineál fíonchaor.

2. LAGHDÚ AR NEART FÉIDEARTHA ÍOSTA ALCÓIL NA FÍONCHAOR

Tuairisc

Laghdaíodh neart féideartha íosta alcóil na bhfíonchaor ó 12 % go 11,5 % i gcás fíonta dearga, agus ó 11 % go 10,5 % i gcás fíonta geala.

Déanann an leasú sin difear do phointe 3.b.1 den tsonraíocht táirge agus do phointe 5.1 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach ionann é agus aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

Cúis

Is gnách go dtáirgeann na seanfhíniúnacha saintréithiúla de chuid ár limistéir triopaill fíonchaor a bhfuil tiúchan níos mó siúcraí iontu, rud a tháirgeann neart alcóil níos airde ina dhiaidh sin. Os a choinne sin, tá na fíniúnacha óga inár bhfíonghoirt á bplandú ag airde níos mó agus gnéithe níos fuaire ann. Táirgfidh siad fíonchaora ag a bhfuil méid siúcra níos ísle agus, dá bhrí sin, fíonta ag a bhfuil neart alcóil níos ísle.

3. MÉADÚ AR UASTÁIRGEACHT NA bhFÍONCHAOR IN AGHAIDH AN HEICTEÁIR

Tuairisc

Rinneadh an uastáirgeacht a cheadaítear le haghaidh ATFC Cebreros a mhéadú ó 6 000 cileagram go 8 000 cileagram in aghaidh an heicteáir.

Leasaíodh pointe 5.1 den tsonraíocht táirge agus leasaíodh pointe 5.2 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach ionann é agus aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

Cúis

Tá athrú tagtha ar imthosca fhíonghoirt ATFC Cebreros le blianta beaga anuas. Tiomsaíodh an chéad sonraíocht táirge tráth a bhí meath tagtha ar na fíonghoirt sa limistéar le blianta. Bhí an chuid is mó díobh gan saothrú den chuid is mó agus dá bhrí sin bhí an táirgeacht íseal. Tá méadú tagtha de réir a chéile ar obair a bhaineann le treabhadh, leasú etc le blianta beaga anuas. Dá bharr sin, tá méadú suntasach tagtha ar tháirgeacht ar líon mór dáileachtaí.

Thairis sin, mar thoradh ar fhíonghoirt nuachláraithe i limistéir ina bhfuil dlús plandaithe ard, tá táirgeachtaí níos airde ann.

Ar deireadh, le 3 bliana anuas, de réir chláir Rialtas Phobal Féinrialaitheach na Caistíle agus León, tá iarratais faighte ar 82.5 heicteár d'fhíonghoirt nua a phlandú nó a chlárú. Táirgeann na fíniúnacha óga táirgeacht níos airde ná na seanfhíniúnacha.

Déantar fíonsaothrú talaimh thirim a chleachtadh i limistéar ATFC Cebreros. Ciallaíonn sé sin nach ndéanann an méadú ar tháirgeacht dochar do cháilíocht toisc gur táirgeacht í a tháirgeann an planda go nádúrtha.

Dá bhrí sin, tá sé beartaithe leis an leasú oiriúnú a dhéanamh ar réaltacht nua na bhfíonghort do limistéar ATFC Cebreros.

4. LEASÚ AR NA FORÁLACHA MAIDIR LE LIPÉADÚ

Tuairisc

— Tugadh isteach téarma nua lipéadaithe: 'vino de parcela' (fíon ó dháileacht shonrach), mar aon le rialacha maidir le húsáid an téarma sin.

— I gceithre aonad gheografacha bheaga a bhí ann cheana ('Sierra de Gredos', 'Valle del Alberche', 'Valle del Tiétar' agus 'Valle de Iruelas'), rinneadh an ceanglas go dtagann 85 % de na fíonchaora a úsáidtear ó na haonaid gheografacha sin a athrú go ceanglas go dtagann 100 % de na fíonchaora ó na haonaid gheografacha sin.

— Sna haonaid gheografacha bheaga a bhí ann cheana, ar bardais iad atá liostaithe i roinn 5 den tsonraíocht táirge, agus nach mór an téarma 'Vino de Pueblo' (fíon sráidbhailte) a bheith orthu, méadaíodh an ceanglas maidir le 85 % de na fíonchaora a úsáidtear teacht ó na haonaid gheografacha sin go ceanglas go dtagann 100 % de na fíonchaora ó na haonaid gheografacha sin.

— Rinneadh aonaid gheografacha nua níos lú a ainmniú agus a chríochú. Is 'parajes' (suíomhanna tuaithe) iad sin ar a bhfuil ainmneacha is féidir a úsáid in éineacht leis an téarma 'Vino de Paraje', ar choinníoll go dtagann 100 % de na fíonchaora a úsáidtear ón 'paraje' atá i gceist.

Déanann an leasú sin difear do phointe 8.b.3 den tsonraíocht táirge agus do phointe 9 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach ionann é agus aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

Cúis

Tá tomhaltóirí ag cur níos mó spéise ná riamh i dtionscnamh na bhfíonta a ólann siad, agus is mian le táirgeoirí an fhaisnéis bhreise sin a chur ar fáil ar an lipéad chun aird a tharraingt ar thábhacht na sráidbhailte agus na n-aonad geografach a bhfuil traidisiún fada acu maidir le fíonchaora ar ardchaighdeán a tháirgeadh. Is amhlaidh atá an scéal freisin go mbeidh rochtain ag tomhaltóirí ar fhaisnéis chruinn ar an lipéad, rud a chiallaíonn gur gá coinníollacha úsáide na n-ainmneacha sin a rialáil.

Ní mór do na fíonta a áirítear sna catagóirí seo a bheith ar ardchaighdeán agus ní mór inrianaitheacht oibleagáideach a bheith acu a ráthú go dtagann siad ó na háiteanna a luaitear ar an lipéad. Cuirfidh sé sin feabhas ar an raon fíonta a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint Cebreros acu, rud a chuirfidh feabhas ar a íomhá i súile na saineolaithe agus na dtomhaltóirí.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Cebreros

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí an táirge fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 - DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 - Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. *Fíonta geala*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Ó thaobh dathanna de, bíonn na fíonta geala sa raon ó dhath buí na tuí go buí órga. Bíonn siad gléghlan agus geal, agus dea-bholaithe torthaíocha acu, agus bíonn siad blasta, cothrom agus olartha sa bhéal. Má aosaíodh na fíonta i mbairillí, d'fhéadfadh dath órga a bheith ar na himill, bíonn a ndea-bholaithe torthaíocha níos aibí agus bíonn siad níos tathagaí sa bhéal.

* Aigéadacht luaineach uasta i gcás fíonta atá níos mó ná 1 bhliain d'aois: 16,67 milleachoibhéis in aghaidh an lítir suas le 10 %, agus tagann méadú 1 mhilleachoibhéis in aghaidh an lítir air sin in aghaidh gach céime den neart alcóil os cionn 10 %. Féadfaidh na fíonta sin dul thar na teorainneacha a leagtar síos i bpointe 1 de Chuid C d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2019/934 ón gCoimisiún, ar choinníoll go gcomhlíonann siad na coinníollacha a leagtar amach i bpointe 3 den Iarscríbhinn seo.

* Aigéadacht iomlán íosta i gcás fíonta a aosaítear ar feadh níos mó ná 6 mhí. 3,5 gram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach (46,67 milleachoibhéis in aghaidh an lítir).

*Na[RED_ERROR]short indent :3mm
paraiméadair anailíseacha nach leagtar síos sa doiciméad seo, comhlíonfaidh siad na rialacha atá i bhfeidhm.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 11,5

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 13,33

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 160

2. *Fíonta rosé*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Bíonn na fíonta rosé gléghlan agus geal, agus bíonn a ndath sa raon ó bhándearg éadrom go dath bándearg sú talún nó dath sú craobh. Bíonn blasanna de thorthaí dearga agus/nó dubha orthu de ghnáth, agus struchtúr meánach acu sa bhéal. Má aosaítear i mbairillí iad, d'fhéadfadh dath níos oráiste a bheith ar a dtoin, gan na himireacha torthaí a bheith chomh dian céanna, agus bíonn blasanna adhmadacha inbhraite sa chúlra.

* Aigéadacht luaineach uasta i gcás fíonta atá níos mó ná 1 bhliain d'aois: 16,67 milleachoibhéis in aghaidh an lítir suas le 10 %, agus tagann méadú 1 mhilleachoibhéis in aghaidh an lítir air sin in aghaidh gach céime den neart alcóil os cionn 10 %. Féadfaidh na fíonta sin dul thar na teorainneacha a leagtar síos i bpointe 1 de Chuid C d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2019/934 ón gCoimisiún, ar choinníoll go gcomhlíonann siad na coinníollacha a leagtar amach i bpointe 3 den Iarscríbhinn seo.

* Aigéadacht iomlán íosta i gcás fíonta a aosaítear ar feadh níos mó ná 12 mhí. 3,5 gram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach (46,67 milleachoibhéis in aghaidh an lítir).

*Na[RED_ERROR]short indent :3mm
paraiméadair anailíseacha nach leagtar síos sa doiciméad seo, comhlíonfaidh siad na rialacha atá i bhfeidhm.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 11,5

— Aigéadacht iomlán íosta: 4 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 13,33

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 160

3. *Fíonta dearga*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Bíonn cuma ghléghlan ar na fíonta dearga, agus imireacha caordhearga agus corcairghorma acu. De ghnáth bíonn blasanna torthaí dearga agus/nó dubha orthu, chomh maith le haigéadacht agus struchtúr cothrom, rud a thugann fíneáltacht agus galántacht dóibh. Má aosaítear i mbairillí iad, coinníonn siad a raon torthaíoch mar aon lena mblasanna adhmadacha, agus éiríonn siad níos míne agus faigheann siad blas níos fadmharthanaí agus toin ar dhath donnrua.

* Aigéadacht luaineach uasta i gcás fíonta atá níos mó ná 1 bhliain d'aois: 16,67 milleachoibhéis in aghaidh an lítir suas le 10 %, agus tagann méadú 1 mhilleachoibhéis in aghaidh an lítir air sin in aghaidh gach céime den neart alcóil os cionn 10 %. Féadfaidh na fíonta sin dul thar na teorainneacha a leagtar síos i bpointe 1 de Chuid C d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2019/934 ón gCoimisiún, ar choinníoll go gcomhlíonann siad na coinníollacha a leagtar amach i bpointe 3 den Iarscríbhinn seo.

* Aigéadacht iomlán íosta i gcás fíonta a aosaítear ar feadh níos mó ná 12 mhí. 3,5 gram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach (46,67 milleachoibhéis in aghaidh an lítir).

*Na[RED_ERROR]short indent :3mm
paraiméadair anailíseacha nach leagtar síos sa doiciméad seo, comhlíonfaidh siad na rialacha atá i bhfeidhm.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 12,5

— Aigéadacht iomlán íosta: 4 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 13,33

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 150

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha fhíor-riachtanacha*

1.

Modh saothraithe

— Ní fhéadfar plandú, líonadh bearnaí, beangú in situ, agus barrbheangú a dhéanamh ach amháin i gcás cineálacha údaraithe.

— Ní fhéadfar ach na príomhchineálacha fíonchaor a úsáid le haghaidh planduithe nua: Garnacha Tinta agus Albillo Real.

Is féidir na fíniúnacha a mhúnlú ar na bealaí seo a leanas:

— Gobelet traidisiúnta agus a chuid athraitheach;

— Ar threilísí: i gcás fíonghoirt ina n-úsáidtear treorú fíniúnacha.

2.

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Neart alcóil féideartha íosta na bhfíonchaor: 11,5 % (cineálacha dearga) agus 10,5 % (cineálacha bána).

Ní úsáidtear umair ná coimeádáin ach amháin mura n-éillíonn siad an fíon agus má cheadaítear iad faoin reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

Uasráta úsctha: 70 lítear in aghaidh 100 cileagram d'fhíonchaora.

Dálaí aosaithe:

— I gcás fíonta ar a bhfuil an téarma 'FERMENTADO EN BARRICA' (coipthe i mbairillí), ní mór bairillí darach a úsáid le haghaidh coipthe agus aosú moirte araon.

— Ní mór aosú ina dhiaidh sin a dhéanamh i mbairillí darach.

— Tosaíonn ríomh na tréimhse aosaithe an 1 Samhain de bhliain na buainte.

3.

Srian ábhartha ar dhéanamh na bhfíonta

— Déantar na fíonta geala go heisiach leis an gcineál fíonchaor Albillo Real.

— Ní mór 95 % ar a laghad de na fíonchaora a úsáidtear chun na fíonta rosé agus dearga a dhéanamh a bheith den chineál Garnacha Tinta.

Chun an t-úrfhíon fíonchaor a eastóscadh, toirmisctear meaisíní lártheifneoirí ardluais agus fáisceáin leanúnacha araon a úsáid.

5.2. *Uastáirgeacht*

1.

8 000 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

2.

56 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Na bardais atá liostaithe thíos, a bhfuil gach ceann acu i gcúige Avila: La Adrada, El Barraco, Burgohondo, Casavieja, Casillas, Cebreros, Cuevas del Valle, Fresnedilla, Gavilanes, Herradón de Pinares, Higuera de las Dueñas, El Hoyo de Pinares, Lanzahíta, Mijares, Mombeltrán, Navahondilla, Navalmoral, Navaluenga, Navarredondilla, Navarrevisca, Navatalgordo, Pedro Bernardo, Piedralaves, San Bartolomé de Pinares, San Esteban del Valle, San Juan de la Nava, San Juan del Molinillo, Santa Cruz de Pinares, Santa Cruz de Valle, Santa María del Tiétar, Serranillos, Sotillo de la Adrada, Eliemblo, Villanueva de Ávila agus Villarejo de Valle.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

ALBILLO REAL

GARNACHA TINTA

GARNACHA TINTORERA

TEMPRANILLO

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

8.1. *TOSCA NÁDÚRTHA AGUS DAONNA*

Tosca nádúrtha

Tá an limistéar atá le cosaint suite sa Lárchóras Ibéarach sliabhraonta, idir abhantracha aibhneacha Alberche agus Tiétar, ar craobh-aibhneacha de chuid an Tagus iad. Scarann an chuid thoir de shliabhraon Sierra de Gredos an dá abhantrach óna chéile. Ábhair de bhunadh eibhreach is mó atá ann.

In abhantrach Alberche, tá an tír-raon garbh, ach gan gnéithe géara ann. Tá sé breac le cnoic chrochta atá measartha ard. Tá na fíonghoirt suite go príomha ar thaobhanna cnoic bhruach clé an ghleanna, agus aghaidh acu ó dheas. Tá an airde idir 800 agus 1 000 méadar, cé go bhféadfadh roinnt dáileachtaí a bheith os cionn 1 000 méadar ar airde. Tá abhantrach abhainn an Tiétar ar leibhéal níos ísle, ach ardaíonn sí go tobann i dtreo a foinse.

Tá na hithreacha dúrabhánach, gainmheach, agus beagáinín aigéadach, agus tá buncharraig eibhir ann gan ach beagáinín ábhar orgánach ann. Tá limistéar scealla ann ina bhfuil ithreacha dúrabhánacha-créúla-gainmheacha, cé gur limistéar i bhfad níos lú é. De réir aicmiú FAO, is Caimbeasóil iad na hithreacha sa limistéar den chuid is mó. Is iad Caimbeasóil Dhistreacha agus Húmasacha iad an chuid is mó de na hithreacha sna fíonghoirt.

Aeráid Mheánmhuirí atá ann lena ngabhann tionchar ilchríochach. Bíonn geimhreadh réasúnta gearr ann nach mbíonn an-fhuar. Bíonn an samhradh fada, te agus tirim. Sa limistéar ina bhfuil an fíonghort suite (tá aeráid sléibhe ag Sierra de Gredos), bíonn an mheánteocht bhliantúil idir 12 agus 15 °C, agus bíonn an bháisteach idir 400 agus 800 milliméadar in aghaidh na bliana. Bíonn 215 lá saor ó shioc ann in aghaidh na bliana. I gcoitinne, féadtar a rá go bhfuil an aeráid níos teo agus go bhfuil níos mó báistí ann ná mar atá sna limistéir in áiteanna eile sa réigiún, áit a bhfuil ATFCanna Abhainn Duero suite.

Tosca daonna

Leis na céadta bliain, tá na tailte is fearr roghnaithe ag daoine chun fíniúnacha a shaothrú, agus na tailte is oiriúnaí, agus a n-aghaidh soir ó dheas ó dheas, á roghnú acu. Ba cheart aird a thabhairt ar airde ard dáileachtaí áirithe, atá os cionn 1 000 méadar ar airde.

Is iad Garnacha Tinta agus Albillo Real na príomhchineálacha a úsáidtear chun an fíon a dhéanamh. Tá tagairtí ann riamh anall do cé chomh hoiriúnach atá na cineálacha sin don limistéar. Cé go bhfástar na cineálacha sin i limistéir eile, táirgeann cáilíochtaí na hithreach agus na haeráide saintréithe an-sainiúil sna fíonta faoi chosaint.

Tá na fíonghoirt atá ann sa limistéar críochaithe an-sean: tá 94 % de na fíniúnacha níos mó ná 50 bliain d'aois, agus tá 37 % díobh níos mó ná 80 bliain d'aois. Ciallaíonn sé sin méideanna ísle táirgeachta lena ngabhann caighdeán ard.

Tá patrún plandaithe fairsing ann sa limistéar, agus é níos mó ná 2,5 x 2,5 méadar de ghnáth. Dá bhrí sin, is é 1 600 fíniúin in aghaidh an heicteáir an dlús plandaithe, rud a oireann don bháisteach íseal agus neamhrialta agus don ithir nach bhfuil mórán ábhair orgánaigh inti.

8.2. *Saintréithe an táirge*

Is féidir na fíonta sa limistéar críochaithe a dheighilt mar a leanas: fíonta geala, fíonta rosé, fíonta dearga, fíonta úra agus fíonta aosaithe. Tá na saintréithe seo a leanas de chuid an terroir ag gach ceann acu:

— Neart alcóil ard

— Aigéad tartarach ard agus cothrom

— Acmhainneacht aosaithe ar feadh tréimhse fhada, agus coinníonn na fíonta dearga go háirithe go han-mhaith

— Bíonn na fíonta cothrom, mín agus fíneálta sa bhéal agus bíonn siad an-bhríomhar.

8.3. *Nasc cúisíoch*

Go bunúsach, is í an timpeallacht gheografach is cúis le sainiúlacht na bhfíonta a thagann ón limistéar críochaithe. Mar a luaitear thuas, sainítear an limistéar le dhá shliabhraon agus le dhá abhainn agus baineann na sliabhraonta agus na haibhneacha sin le habhantrach an Tagus. Tá na fíonghoirt suite go príomha ar thaobhanna cnoic bhruacha clé an dá ghleann, a bhfuil a n-aghaidh ó dheas. Dá bhrí sin, mar gheall ar shaintréithe ithir, gheolaíocht agus aeráid an limistéir, oireann an limistéar eisceachtúil agus uathúil do shaothrú fíniúnacha. Ina theannta sin, mar gheall ar shaineolas na ndaoine maidir leis na cineálacha is oiriúnaí agus an modh fáis is oiriúnaí a roghnú, is féidir táirge sonrach uathúil a tháirgeadh. Tugtar achoimre thíos ar na príomhthosca a léiríonn an nasc sin:

— Tugann uigeacht dhúrabhánach ghainmheach na n-ithreacha, mar aon leis an mbuncharraig eibhir, fíneáltacht do na fíonta, rud a fhágann go bhfuil siad scagtha sa bhéal.

— Murab ionann agus na limistéir máguaird, tá miocraeráid níos measartha ag an limistéar faoi chosaint ná mar atá ag an gcuid eile den Chaistíl agus León. Tá sé níos fuaire ná na limistéir atá ó dheas agus soir uaidh, agus tá a chuid gnéithe ar leith féin aige. Mar sin féin, áirithíonn an easpa báistí sa samhradh agus go luath san fhómhar go mbíonn buaint na bhfíonchaor sláintiúil agus ar ardchaighdeán.

— Tá na fíonghoirt suite ag airde ard, agus tá cuid acu suite ar leibhéal níos mó ná 1 000 méadar os cionn leibhéal na farraige. Sin an fáth a mbíonn aigéadacht an-mhaith ag na fíonchaora a thagann as sin, rud a thugann úire agus beogacht don fhíon.

— Fianaíonn léarscáil na gcineálacha fíonchaor a shainiúlacht freisin. Tá na cineálacha is oiriúnaí don limistéar roghnaithe ag na saothróirí fíniúna leis na céadta bliain anuas: Garnacha Tinta agus Albillo Real atá mar bhunús leis na fíonta agus a thugann a gcarachtar sainiúil dóibh. Táirgeann Garnacha Tinta fíonta a bhfuil neart alcóil ard acu, cé go bhfuil siad úr sa bhéal mar gheall ar an airde agus ar an aeráid. Baineann Albillo Real go sonrach leis an limistéar agus tá sé éagsúil le Albillo Mayor, atá tipiciúil i limistéir eile sa Chaistíl agus León. Táirgeann sé fíonta casta, blasta agus bríomhara atá an-oiriúnach d'aosú sa bhairille.

— Is iad na hachair plandaithe a úsáideadh go traidisiúnta, mar aon leis an mbáisteach íseal agus an easpa ábhair orgánaigh san ithir, is cúis le táirgeacht fíonchaor an-íseal. Tá sé sin ar cheann de na tosca atá taobh thiar d'ardchaighdeán na bhfíonchaor ó thaobh cúrsaí táirgthe agus polaifeanóil de araon. Bíonn paraiméadair anailíseacha chothrom acu agus aibíonn siad go han-mhaith.

— Tá na fíonghoirt an-sean: tá 94 % de na fíniúnacha níos mó ná 50 bliain d'aois agus tá 37 % acu níos mó ná 80 bliain d'aois. In éineacht leis na gnéithe a luaitear roimhe seo, ciallaíonn sé sin go n-aosaítear na fíonta ar bhealach an-mhaith.

I dteannta a chéile, leis na himthosca a thuairiscítear thuas, táirgtear fíonchaora a aibíonn go han-mhaith, rud a chiallaíonn gur féidir fíonta a tháirgeadh a bhfuil cion ard alcóil iontu: 12° ar a laghad sna fíonta geala agus rosé agus 13° ar a laghad sna fíonta dearga. Ag an am céanna, tá aigéadacht measartha suntasach ann: ag a bhfuil aigéadacht iomlán nach lú ná 4,5 gram in aghaidh an lítir a shloinntear mar aigéad tartarach. Tugann an tsaintréith dhúbailte sin, is é sin, cion ard alcóil agus aigéadacht ard, an chothromaíocht shainiúil d'fhíonta Cebreros.

Tá na fíonta a chumhdaítear leis an limistéar faoi chosaint éagsúil leis na fíonta sna limistéir máguaird, go háirithe na fíonta ó ghleann Duero, sa mhéid go léiríonn siad an chothromaíocht thipiciúil sin idir alcól agus aigéadacht, mar aon le struchtúr atá sainiúil gan bheith iomarcach, rud as a leanann fíonta ag a bhfuil carachtar an-ghalánta.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Pacáistiú laistigh den limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Áiríonn an próiseas fíonóireachta buidéalú agus bailchríochnú na bhfíonta. Ní féidir na tréithe orgánaileipteacha, fisiceacha agus ceimiceacha a thuairiscítear sa tsonraíocht táirge seo a ráthú ach amháin má dhéantar na hoibríochtaí uile láimhseála fíona sa limistéar táirgeachta. Tá buidéalú fíonta a chumhdaítear le ATFC Cebreros ar cheann de na tosca atá ríthábhachtach chun na tréithe a leagtar amach sa tsonraíocht táirge a bhaint amach. Mar thoradh air sin, agus d'fhonn cáilíocht a áirithiú agus ráthaíocht a sholáthar maidir le tionscnamh agus rialú, déantar buidéalú i dtrádstórais atá suite i ngléasraí buidéalaithe sa limistéar táirgeachta.

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní mór an t-ainm geografach 'Cebreros' agus na téarmaí 'Denominación de Origen Protegida' (ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint) nó na téarmaí traidisiúnta 'Vino de Calidad' (fíon ar ardchaighdeán) a áireamh agus a bheith le feiceáil go soiléir ar lipéadú fíonta buidéalaithe.

Tá sé éigeantach freisin bliain an fhíona a léiriú, fiú mura rud é gur aosaíodh an fíon.

Is féidir le fíonta a chumhdaítear le ATFC 'Cebreros' na téarmaí roghnacha seo a leanas a úsáid ar na lipéid freisin:

— Féadfar na téarmaí 'FERMENTADO EN BARRICA' nó 'ROBLE' (dair) a úsáid, ar choinníoll go gcomhlíonann na fíonta na coinníollacha a leagtar síos sa reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

— An téarma 'VINO DE PARCELA' (fíon ó dháileacht), má thagann 100 % de na fíonchaora a úsáidtear chun an fíon a dhéanamh ó dháileacht amháin, nó ó roinnt dáileachtaí atá tadhlach lena chéile. Toirmisctear úsáid luibhicídí ar na dáileachtaí a tháirgeann na fíonchaora lena ndéantar na fíonta seo. Ceanglaítear ar tháirgeoirí seiceáil a dhéanamh air sin trí anailís ithreach a dhéanamh. Ní féidir ainm aonaid gheografaigh níos lú a bheith ag gabháil leis an téarma sin.

— Ainm ceann amháin nó níos mó d'aonaid gheografacha níos lú díobh siúd a liostaítear thíos agus na téarmaí nach mór a bheith ag gabháil leo:

  — 'SIERRA DE GREDOS': i gcás fíonta faoi chosaint más rud é gur tháinig méid nach lú ná 100 % de na fíonchaora a úsáideadh ó dháileachtaí atá suite laistigh de na bardais seo a leanas: La Adrada, El Barraco, Burgohondo, Casavieja, Casillas, Cebreros, Cuevas del Valle, Gavilanes, Herradón de Pinares, Higuera de las Dueñas, El Hoyo de Pinares, Lanzahíta, Mijares, Mombeltrán, Navahondilla, Navalmoral, Navaluenga, Navarredondilla, Navarrevisca, Navatalgordo, Pedro Bernardo, Piedralaves, San Bartolomé de Pinares, San Esteban del Valle, San Juan de la Nava, San Juan del Molinillo (Navandrinal), Santa Cruz de Pinares, Santa Cruz de Valle, Santa María del Tiétar, Serranillos, Sotillo de la Adrada, Eliemblo, Villanueva de Ávila agus Villajoor del Valle.

— 'VALLE DEL ALBERCHE': i gcás fíonta faoi chosaint más rud é gur tháinig méid nach lú ná 100 % de na fíonchaora a úsáideadh ó dháileachtaí atá suite laistigh de na bardais seo a leanas: El Barraco (seachas criosanna 18 agus 19), Burgohondo, Cebreros, Herradón de Pinares, Hoyo de Pinares, Navalmoral, Navaluenga (seachas criosanna 8 agus 9), Navarredondilla, Navarrevisca, Navatalgordo, San Bartolomé de Pinares, San Juan de la Nava (seachas crios 6), San Juan del Molinillo (Navandrinal), Santa Cruz de Pinares, Serranillos, El Tiemblo (seachas criosanna 43, 46, 47, 48, 49, 52, 53, 54, 55, 56, 58, 59, 60, 61, 62, 63, 64 agus 65) agus/nó Villanueva de Ávila.

— 'VALLE DEL TIÉTAR', i gcás fíonta faoi chosaint más rud é gur tháinig 100 % ar a laghad de na fíonchaora a úsáideadh ó dháileachtaí atá lonnaithe laistigh de na bardais seo a leanas: La Adrada, Casavieja, Casillas, Fresnedilla, Gavilanes, Higuera de las Dueñas Lanzahíta, Mijares, Navahondilla, Pedro Bernardo, Piedralaves, Santa María del Tiétar agus Sotillo de la Adrada, Cuevas del Valle, Mombeltrán, San Esteban del Valle, Santa Cruz del Valle agus/nó Villarejo del Valle. 'VALLE DE IRUELAS', i gcás fíonta faoi chosaint más rud é gur tháinig 100 % ar a laghad de na fíonchaora a úsáideadh ó dháileachtaí atá suite laistigh de na bardais seo a leanas:

— El Barraco: Criosanna 19 agus 18, Tiemblo (El): Criosanna 43, 46, 47, 48, 49, 52, 53, 54, 55, 56, 58, 59, 60, 61, 62, 63, 64 agus 65. Criosanna 8 agus 9, San Juan de la Nava: Crios 6.

— 'VINO DE PUEBLO', agus ainm geografach gach ceann de na bardais a liostaítear i roinn 5 den tsonraíocht táirge ina dhiaidh, ar choinníoll go dtagann 100 % de na fíonchaora a úsáidtear chun an fíon faoi chosaint a dhéanamh ó dháileachtaí laistigh den bhardas atá i gceist.

— 'VINO DE PARAJE' agus ainm geografach ceann de na 'parajes' a shainaithnítear i limistéar geografach ATFC Cebreros ina dhiaidh, ar choinníoll go dtagann 100 % de na fíonchaora a úsáidtear chun an fíon faoi chosaint a dhéanamh ó dháileachtaí atá suite sa 'paraje' atá i gceist. Go heisceachtúil, féadfaidh codanna de 'paraje' a bheith suite i mbardais chomharsanacha éagsúla.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

www.itacyl.es/documents/20143/342640/PCC+DOP+CEBREROS_Rev+2.docx/568b0e60-e2ab-ef8d-b11c-8c970bbbdf0b